*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*

*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Tuairisc ar Chigireacht Leantach

## Naíscoil Uachtar Tíre
## Caisleán Uidhilín

## Dáta na Cigireachta: Bealtaine 2007

**TUAIRISC AR CHIGIREACHT LEANTACH I NAÍSCOIL UACHTAR TÍRE, CAISLEÁN UIDHILÍN, CO. AN DÚIN BT31 9ED (4AB-0163)**

Sa chigireacht ar Naíscoil Uachtar Tíre i Mí an Mhárta 2005 tugadh aird ar leith ar láidreachtaí éiteas an ionaid; a fheabhas a bhí an caidreamh, an clár réamhscoile agus forbairt Ghaeilge na bpáistí, agus aimsíodh an gá a bhí le feabhsúcháin a dhéanamh sna príomhréimsí seo a leanas:

- pleanáil an chláir oideachais;
- na modhanna chun faireachán agus taifeadadh a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpáistí; agus
- polasaí agus straitéisí iomchuí a cheapadh chun tacaíocht a thabhairt do pháistí a aimsíodh agus sainriachtanais oideachais acu.

**San idirlinn, ó bhí an chigireacht ann, rinneadh na hathruithe seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair an ionaid réamhscolaíochta.**

- Tá an t-ionad i ndiaidh saineolaí oideachais luath-óige nua agus cúntóir breise a fhostú.
- Tá an fhoireann i ndiaidh freastal ar roinnt cúrsaí iomchuí.
- Ceannaíodh roinnt acmhainní nua chun tuilleadh deiseanna foghlama a thabhairt do na páistí.

Thug an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (an Chigireacht) sraith cuairteanna cigireachta ar an ionad mar chuid den phróiseas a lean uaidh sin. Ullmhaíodh an tuairisc seo i ndiaidh na cuairte cigireachta a rinneadh ar 14 Bealtaine 2007 agus cuirtear sa chuntas inti na cinntí a d'éirigh as na cuairteanna i Mí na Bealtaine 2006.

**Tá dul chun cinn sásúil déanta ag an ionad réamhscolaíochta sna réimsí a bhí le forbairt agus is iad seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a cuireadh i gcrích ó bhí an chéad chigireacht ann.**

- Is i gcomhar lena chéile mar mheitheal a dhéanann an fhoireann an phleanáil anois agus cinntítear dá bharr sin go bhfuil tuiscint níos fearr ag gach ball foirne ar an fhoghlaim atá le cur chun cinn tríd na gníomhaíochtaí éagsúla.
- Tá an fhoireann i ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar réimse formáidí pleanála; san fhormáid phleanála nua is soiléire a aimsítear na féidearthachtaí foghlama sna gníomhaíochtaí agus tugtar tacaíocht don fhoireann ina gcuid oibre leis na páistí ó lá go lá.
- Tá an fhoireann i ndiaidh córas sainoibrithe a thabhairt isteach agus tá siad i ndiaidh córas iomchuí a cheapadh chun faireachán agus taifeadadh a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpáistí. Déanann siad roinnt nótaí iomchuí a thaifeadadh ar an dóigh a mbíonn na páistí ag freagairt do ghníomhaíochtaí súgartha agus tá siad ag déanamh iarracht mhaith pleanáil le haghaidh riachtanais na bpáistí.

- D’ullmhaigh an fhoireann polasaí iomchuí ar na mallaibh chun tacaíocht a thabhairt do pháistí a aimsíodh agus sainriachtanais oideachais acu.

**Is iad na réimsí seo a leanas ar gá tuilleadh feabhais a chur orthu:**

- Caithfidh an grúpa bainistíochta a chinntiú go mbeidh deiseanna ag an fhoireann oiliúint iomchuí a fháil i ngnóthaí a bhaineann le sainriachtanais oideachais.

- Caithfidh an saineolaí oideachais luath-óige tacaíocht a thabhairt don fhoireann agus iad ag cur le forbairt na modhanna measúnaithe chun a chinntiú go gcoinneofar na taifid cothrom le dáta agus chun a chinntiú go mbeidh an fhoireann in ann tuairiscí beachta a thabhairt ar dhul chun cinn na bpáistí.

- Caithfidh an t-ionad cur le forbairt an pholasaí ar shainriachtanais le go ndéanfar cur síos soiléir ar na straitéisí a bheas le húsáid chun tacaíocht a thabhairt do pháistí a aimsíodh agus sainriachtanais oideachais acu.

Leanfaidh an Chigireacht de bheith ag déanamh faireacháin ar an dul chun cinn a bheas á dhéanamh in obair an ionaid réamhscolaíochta lena chinntiú go gcuirfear na feabhsúcháin i bhfeidhm atá de dhíth.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2007

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais:  www.deni.gov.uk